www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2011–2012

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Ábhair agus a mBainistíocht
## Modúl 4
## Bonnsraith

**[GSC41]**

GSC41

**DÉ MÁIRT 28 FEABHRA 2012**
**9.30 am–10.15 am**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Cuirtear Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil duit le húsáid.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| Marc Iomlán | |

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 Anseo thíos tá ceithre ábhar choitianta.

**adhmad : plaisteach : peitreal : olann**

**(a)** Cuir gach ábhar sa cholún cheart sa tábla.

| De dhéantús an duine | Nádúrtha |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

[2]

**(b)** Is as gloine a rinneadh na pánaí fuinneoige seo thíos.



*É Eurocell Plc.*

**(i)** Cad chuige ar ábhar fóirsteanach í gloine sa chás seo? Luaigh fáth **amháin**.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ba ghnách frámaí fuinneoige a dhéanamh as adhmad ach is é plaisteach atá in úsáid de ghnáth le tamall anuas. Luaigh **dhá** fháth a bhfuil plaisteach níos fearr ná adhmad le frámaí fuinneoige a dhéanamh.

1. _______________________________________________

_______________________________________________


2. _______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Bhí an fearas seo thíos in úsáid ag Rónán le fiosrúchán a dhéanamh ar neart cúig snáithín dhifriúla.




**(a)** Luaigh rud **amháin** a bhí ar Rónán a choinneáil mar an gcéanna lena chinntiú gur triail chothrom a bheadh ann.


_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Thomhais Rónán an t-uasmheáchan a thiocfadh le gach snáithín a choinneáil sular bhris sé agus thaifead sé na torthaí anseo thíos.

| Snáithín | Uasmheáchan/N |
|---|---|
| Cadás | 11 |
| Línéadach | 10 |
| Líocra | 25 |
| Níolón | 19 |
| Síoda | 9 |

**(i)** Comhlánaigh an bharrachairt seo thíos ar thorthaí fhiosrúchán Rónáin.




[2]

**(ii)** Ainmnigh an snáithín is laige.

_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 **(a)** Anseo thíos tá na torthaí ar thástálacha lasrach. Comhlánaigh an tábla.

Roghnaigh ó:

**Liathchorcra : Gorm/Glas : Dearg**

| Miotal | Dath lasrach |
|---|---|
| Copar | |
| Sóidiam | Flannbhuí/Buí |
| Potaisiam | |
| Luaidhe | Gorm/Bán |

[2]

**(b)** Is féidir go mbeidh an turgnamh seo contúirteach. Sainaithin baol **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann agus cuir síos ar an dóigh ar féidir é seo a sheachaint.


______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Is féidir cur síos ar uisce mar chrua nó mar bhog.



**(a)** Comhlánaigh na habairtí seo thíos.

Roghnaigh ó:

**aolchoinnle : aolchuisní : tuaslagann : sóidiam :**

**bog : cailciam : sobal : buan**

Is é is uisce crua ann ná uisce nach ndéanann _______________ go furasta le gallúnach. Tá dhá chineál d'uisce crua ann, sealadach agus _______________.

Tá maignéisiam nó _______________ sna comhdhúile is cúis le huisce crua.

Is féidir go mbeidh uaimheanna i limistéir uisce chrua mar a mbíonn _______________ ar crochadh anuas ón díon. [4]

**(b) (i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le huisce crua.

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le huisce crua.

____________________________________________ [1]

**(c)** Is féidir uisce crua sealadach a fhiuchadh le go mbeidh sé bog. Luaigh **dhá** mhodh a bhíonn in úsáid le huisce crua **buan** a dhéanamh bog.

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Is breoslaí iontaise iad gual, ola agus gás nádúrtha a bhíonn in úsáid le tithe a théamh.



*© Tek Image / Science Photo Library*

**(a)** Is é **$CH_4$** an fhoirmle cheimiceach atá ar ghás nádúrtha. Ainmnigh an dá **dhúil** atá ann.

(Is féidir go mbeidh an Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.)

______________________ agus ______________________ [2]

**(b)** Cad chuige a gcuirtear síos ar bhreoslaí iontaise mar acmhainní **finideacha** fuinnimh?

______________________________________________ [1]

**(c)** Luaigh **dhá** fhoinse mhalartacha fuinnimh a d'fhéadfaí a úsáid **in áit** breoslaí iontaise.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(d)** **Ciorclaigh** an focal ceart nó na focail chearta leis na habairtí seo thíos faoi ghás nádúrtha a chomhlánú.

**(i)** Is **polaiméir / hidreacarbón / plaisteach** é gás nádúrtha.

**(ii)** Nuair a bhíonn gás nádúrtha ag dó táirgeann sé dé-ocsaíd charbóin agus

**hidrigin / uisce / ocsaigin**

**(iii)** Éifeacht dhochrach amháin a bhaineann le gás nádúrtha ag dó is ea

**báisteach aigéadach / téamh domhanda / truailliú uisce**

[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Is féidir plaisteach nó gloine a úsáid le buidéil a dhéanamh.



*© 2012 Bill Lindsey*

**(a)** Luaigh buntáiste **amháin** atá ag plaisteach ar ghloine le buidéil a dhéanamh.

______________________________________________ [1]

**(b)** Is féidir gloine a athchúrsáil. Luaigh **dhá** dhóigh a bhfuil comhairlí áitiúla ag spreagadh daoine le gloine a athchúrsáil.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Luaigh **dhá** fháth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfar ábhair a athchúrsáil.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(d)** Baineann comhlachtaí áirithe úsáid as plaistigh in-bhithmhillte le buidéil a dhéanamh.

**(i)** Mínigh ina iomláine cad é a chiallaíonn an téarma **in-bhithmhillte**.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh sampla **amháin** eile d'ábhar in-bhithmhillte.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Is féidir méarloirg a úsáid le coireanna a réiteach. Tá ceithre chineál de phatrúin mhéarloirg ann; áirse, lúb, dual agus méarlorg cumaisc.

**(a)** Tarraing an patrún don mhéarlorg **duail** sa bhosca seo thíos.

[1]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a bhfaighfeá méarlorg ó dhromchla bán amhail tíl.

Ba chóir go mbeadh na pointí seo a leanas sa chur síos:

- an dóigh a gcuirtear an méarlorg ar an tíl
- an púdar a bhíonn in úsáid
- an dóigh a mbaintear farasbarr púdair ar shiúl
- an dóigh a mbaintear an méarlorg ón tíl

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(c)** Seachas méarloirg, luaigh **dhá** chineál eile d'fhianaise fhóiréinseach a bhailíonn eolaithe ag láthair na coire.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.